C/2026/5543

27.10.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/5543)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Bresaola della Valtellina'

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-1525-AM01 — 30.7.2026

1. **Ainm an táirge**

'Bresaola della Valtellina'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta - An Roinn Biafhlaithis agus Spóirt Eachaíochta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge le haghaidh an TGFC 'Bresaola della Valtellina' toisc nach gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143, is é sin:

— níl i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm;

— níl baol ann dá ndeasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní; agus

— níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar Airteagal 4. 'Salann inite' a chur in ionad 'clóiríd sóidiam'

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Leasú 1

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 2 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: leis an leasú, cuirtear an téarma ‘salann inite’ in ionad an téarma ‘clóiríd sóidiam’.

Cúis: tá gá leis an leasú toisc, i gcleachtas thionscal an bhia, go margaítear clóiríd sóidiam mar shalann inite, nach mór dá ceanglais Foraithne Aireachta Uimh. 106 an 31 Eanáir 1997 maidir leis an Rialachán maidir le táirgeadh agus margú salainn inite a chomhlíonadh’, a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht na hIodáile, Sraith Ghinearálta Uimh. 94, an 23 Aibreán 1997.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4. Saothráin truicir mhiocróbacha a úsáid

Tuairisc

Leasú 2

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 2 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: tugtar isteach leis an leasú an fhéidearthacht saothráin tús gabhála mhiocróbacha ar leith a úsáid – saothráin a bhaineann leis an ngéineas *Staphylococcus, Lactobacillus, Pediococcus, Micrococcus, Debaryomyces* – a chuirtear leis an meascán leasúcháin (*concia*) a spréitear go traidisiúnta ar dhromchla amuigh na feola (mais mheatáin) a úsáidtear chun ‘Bresaola della Valtellina’ a tháirgeadh.

Cúis: tá sé i gceist leis an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as saothráin mhiocróbacha feabhas a chur ar rialú an choipthe agus na sábháilteachta micribhitheolaíochta tríd an pH a ísliú, rud a fhágann an timpeallacht neamhfhabhrach d’iomadú pataiginí. I bhfianaise fheidhm na saothrán miocróbach, is féidir úsáid salainn a laghdú agus ‘Bresaola della Valtellina’ á ullmhú, i gcomhréir leis na moltaí cothaitheacha a mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte freisin maidir leis an gcion sóidiam san aiste bia, agus maidir le húsáid breiseán bia. Tagraíonn saothráin tosaitheora mhiocróbacha do thosaitheoirí miocróbacha a bhaineann leis na géinis *Staphylococcus, Lactobacillus, Pediococcus, Micrococcus* agus *Debaryomyces* a úsáidtear chun ispíní feola a ullmhú, arb ispíní iad nach mbaineann cóireáil teasa lena dteicneolaíocht táirgeachta, de réir bhrí na Foraithne ón Aireacht Sláinte an 28 Nollaig 1994 maidir le húdarú saothráin tosaitheora - ‘tosaitheoirí miocróbacha’ - in ullmhú ispíní feola, nach mbaineann cóireáil teasa lena dteicneolaíocht táirgeachta, a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht na hIodáile, Sraith Ghinearálta Uimh. 89, an 15 Aibreán 1995.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4. Tréimhse íosta saillte agus maistrithe faoi fholús

Tuairisc

Leasú 3

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 3 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: leis an leasú, cuirtear isteach an rogha an tréimhse íosta saillte thirim a laghdú ó 10 lá go 7 lá i gcás ina n-úsáidtear na saothráin mhiocróbacha dá dtagraítear in Airteagal 4(2) agus i gcás ina n-úsáidtear maistriú faoi fholús.

Cúis: tá gá leis an leasú toisc go gcuireann úsáid saothrán tús gabhála miocróbach dlús le hísliú pH agus le cobhsú an mhicreaflóra, rud a chuidíonn ar an gcaoi sin leis na dálaí is gá a bhaint amach chun an táirge a chaomhnú laistigh de thréimhse ama níos giorra. Téann an salann agus na comhábhair sa mheascán leasaithe isteach sa fheoil ar bhealach níos tapúla agus níos aonfhoirmí, de bharr na gníomhaíochta meicniúla i dtimpeallacht atá saor ó ocsaigin agus sin an fáth a laghdaítear an íos-tréimhse salainn i gcás an mhaistrithe faoi fholús.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4. Dhá phíosa feola aonair a phacáil in aon chásáil amháin

Tuairisc

Leasú 4

Baineann an leasú le hAirteagal 4, mír 4 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: leis an leasú, cuirtear isteach an rogha dhá phíosa feola ar leith a phacáil in aon chásáil amháin, lena leagtar síos go bhfuil toirmeasc ar thrasghlútamáis a úsáid i gcásanna den sórt sin.

Cúis: leis an modh sin, is féidir slisniú meicnithe 'Bresaola della Valtellina' a bharrfheabhsú. Áirithítear leis an toirmeasc ar thrasghlútamáis a úsáid nach gcomhtháthaíonn an dá phíosa feola a ullmhaítear i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge ach amháin trí bhrú meicniúil agus trí aibiú ina dhiaidh sin, agus ar an gcaoi sin seachnaítear úsáid einsímí a d'fhéadfadh struchtúr próitéine na feola atá beartaithe chun 'Bresaola della Valtellina' a tháirgeadh a athrú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 7. Foráil maidir le rialuithe

Tuairisc

Leasú 5

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear an fhoráil in Airteagal 7 maidir le rialuithe.

Cúis: is nuashonrú riachtanach é an scriosadh chun an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir le reachtaíocht reatha an Aontais maidir le seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge agus maidir le rialuithe sláinte oifigiúla araon.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8. Athuimhriú Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 6

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú ní dhéantar ach Airteagal 8 a athuimhriú ina Airteagal 7.

Cúis: Tá gá leis an leasú i bhfianaise struchtúr nua na n-airteagal sa tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8. Réimse radhairc an ainm

Tuairisc

Leasú 7

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: leis an leasú, cuirtear isteach an oibleagáid an t-ainm ‘Bresaola della Valtellina’ a chur i bpríomhréimse radhairc an lipéid.

Cúis: is é is cuspóir don leasú seo próifíl an ainm a fheabhsú trína chur san áit is suntasaí ar an lipéad agus é a shainaithint láithreach chun faisnéis shoiléir cheart a chur ar fáil do thomhaltóirí.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8. ‘Giorrúchán’ a chur in ionad ‘siombail’

Tuairisc

Leasú 8

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: leis an leasú, cuirtear ‘giorrúchán’ in ionad ‘siombail’ an Táisc Gheografaigh faoi Chosaint

Cúis: Tugtar téarmeolaíocht na sonraíochta táirge i gcomhréir le hAirteagal 37(6) de Rialachán (AE) 2024/1143 leis an leasú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8. Sonraíocht maidir le siombail TGFC an Aontais

Tuairisc

Leasú 9

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: sonraítear sa leasú gurb í an tsiombail atá le cur ar an lipéad ‘siombail an Aontais le haghaidh TGFCanna’.

Cúis: tá gá leis an nuashonrú chun soiléireacht níos mó a chur ar fáil i gcomhréir le rialacha an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, dá dtagraítear in Airteagal 37(2) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8. ‘AE’ a chur in ionad ‘CE’.

Tuairisc

Leasú 10

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear ‘AE’ in ionad ‘CE’.

Cúis: tá gá leis an leasú chun téacs na sonraíochta táirge a thabhairt i gcomhréir leis an bhfíoras gur tháinig an tAontas Eorpach i gcomharbas ar an gComhphobal Eorpach in 1992.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8. An modh margaíochta a shonrú ‘i ngearrthacha’

Tuairisc

Leasú 11

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 4, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.5 den doiciméad aonair.

Tuairisc: sonraítear leis an leasú an modh margaíochta 'i ngearrthacha', agus dealaítear na cineálacha éagsúla gearrthacha ina 'gciúbanna, slisní, cipíní agus stiallacha *julienne*'.

Cúis: freagraíonn an leasú seo don ghá atá le cineálacha éagsúla gearrtha i gcomhréir le ceanglais chomhaimseartha maidir leis an táirge a thomhailt.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8. Sonrú le linn fíorú ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge

Tuairisc

Leasú 12

Baineann an leasú le hAirteagal 8, mír 4 den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: leis an leasú, cuirtear na focail 'i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge' in ionad na bhfocal 'faoi mhaoirseacht an chomhlachta cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 7'.

Cúis: cuireadh foclaíocht úr ar an tagairt d'fhíorú chomhlíonadh na sonraíochta táirge chun scriosadh Airteagal 7 a chur san áireamh, agus é á chur san áireamh nach mór pacáistiú, slisniú agus gearradh a dhéanamh sa ghnáthlimistéar táirgeachta, mar a leagtar síos sa tsonraíocht táirge atá i bhfeidhm faoi láthair.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8. Foráil maidir leis an nasc leis an timpeallacht

Tuairisc

Leasú 13

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: leis an leasú, cuirtear foráil shonrach le hAirteagal 8 atá tiomnaithe don 'Nasc leis an gcomhshaol', dá bhforáiltear i bpointe 5 den doiciméad aonair, a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, Sraith C Uimh. 321, an 26.11.2010.

Cúis: cuireann an méid a cuireadh isteach an tsonraíocht i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, dá dtagraítear in Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 9. Foráil maidir le cruthúnas tionscnaimh

Tuairisc

Leasú 14

Baineann an leasú le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear Airteagal 9 'Cruthúnas tionscnamh' leis an tsonraíocht táirge agus luaitear ann gur gá faireachán a dhéanamh ar na páirtithe uile i slabhra táirgthe TGFC agus na páirtithe sin a chur faoi rialú an chomhlachta thairmligthe.

Cúis: is gá an t-airteagal seo a chur isteach chun an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Bresaola della Valtellina'

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-1525-AM01 — 30.7.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Bresaola della Valtellina'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

3. **An tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0210 20 90 — díchnámhaithe (*disossate*)

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is táirge mairteola é an Tásc Geografach faoi Chosaint 'Bresaola della Valtellina' a dhéantar a shailleadh agus a aosú go nádúrtha agus atá le caitheamh gan chócaráil. Cruth na matán a úsáidtear chun é a dhéanamh, sin é an cruth atá air. Ar chúiseanna tráchtála, déantar iad sin a bhearradh agus dá bhrí sin bíonn cruth sorcóireach orthu. I gcás riachtanais shonracha, féadfar iad a bhrú i gcruth atá cosúil le bríce. Ní mór an TGFC 'Bresaola della Valtellina' a phacáil i gcásálacha nádúrtha nó saorga, agus a thriomú agus a aosú i ndálaí aeráide atá in ann coipeadh nádúrtha agus próisis einsímeacha a dhéanamh, le linn laghdú taise mall agus de réir a chéile, amhail as a dtiocfaidh athruithe le himeacht ama a thugann a thréithe orgánaileipteacha tipiciúla don táirge agus chun a chaomhnú agus a fholláine ag gnáth-theocht an tseomra a áirithiú. Maidir le tréithe orgánaileipteacha an táirge, tá a dhlús teann agus leaisteach; bíonn an táirge dlúth agus gan scoilteanna nuair a ghearrtar é; dath dearg aonfhoirmeach a bhíonn ar an gcuid thrua agus teorainn dhorcha le feiceáil ar éigean, agus dath bán ar an gcuid shailleach; bíonn a bholadh fíneálta agus beagán aramatach; agus bíonn blas deas, measartha láidir air nach mbíonn géar riamh. Tréithe tráchtála: (a) *fesa* Bresaola: 3,5 kg ar a laghad; (b) *punta d'anca* Bresaola: (b)(1) lena ndíol ina n-iomláine nó i slisní tiubha: 2,5 kg ar a laghad; (b)(2) le bheith réamhphacáistithe le haghaidh slisnithe i bhfolúsphacáistí nó i bpacáistí atmaisféir modhnaithe: 2,0 kg ar a laghad; (c) *sottofesa* Bresaola: 1,8 kg ar a laghad; (d) *magatello* Bresaola: 1,0 kg ar a laghad; agus (e) *sottosso* Bresaola: 0,8 kg ar a laghad;

Táirgtear 'Bresaolo della Valtellina' ó fheoil eallaí mairteola atá idir 18 mí agus 4 bliana d'aois a fhaightear go heisiach ó na grúpaí matáin seo a leanas de na cosa deiridh uachtaracha: *fesa* (ar an mbarr): an chuid iar-aermheánach, lena n-áirítear an dírmhatán inmheánach, an matán aduchtach agus an matán leathscannánach; *punta d'anca*: an chuid den *fesa* nach bhfuil an matán aduchtach inti; *sottofesa* (íostiarpa): an chuid iar-aerathaobhach, i.e. an matán *biceps femoris*; *magatello* (croí an spóla): an chuid iar-aerathaobhach, i.e. an matán *biceps femoris*; agus *sottosso* (an cliathán tiubh): aghaidh na coise, comhdhéanta den dírmhatán tosaigh agus de na matáin *vastus lateralis*, *vastus medialis* agus *vastus intermedius*.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

—

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Is mar a leanas céimeanna táirgthe an TGFC 'Bresaola della Valtellina' nach mór a chur i gcrích i gnáthlimistéir táirgeachta: bearradh, sailleadh tirim, pacáil i gcásálacha, triomú, aosú, slisniú, gearradh agus pacáistiú.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, slisniú, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Is féidir 'Bresaola della Valtellina' a phacáistiú i bhfolús agus i bpacáistí atmaisféir modhnaithe ina n-iomláine, i ngearrthacha, i slisní tiubha nó slisnithe. Ní mór pacáistiú, slisniú agus gearradh a dhéanamh laistigh den limistéar táirgeachta mar a shainmhínítear i bpointe 5 chun éifeachtaí athruithe ar theocht agus ar bhogthaise le linn na céime iompair a sheachaint, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chineál an táirge agus, dá bhrí sin, dá shaintréithe cáilíochta deiridh.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an méid seo a leanas a bheith ar na lipéid le haghaidh 'Bresaola della Valtellina': an t-ainm 'Bresaola della Valtellina', atá do-aistrithe agus nach mór a bheith sa phríomhréimse radhairc ar an lipéad i gcarachtair shoiléire dhoscriosta is féidir a idirdhealú go soiléir ó gach foclaíocht eile, agus an giorrúchán TGFC agus siombail an Aontais den Tásc Geografach faoi Chosaint ina dhiaidh i gcarachtair chlóite den mhéid céanna, nach mór a thabhairt sa teanga ina bhfuil an táirge á mhargú agus san fhoirm a cheadaíonn an tAontas.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

De réir traidisiún seanbhunaithe, tá limistéar táirgeachta 'Bresaola della Valtellina' teoranta do chríoch iomlán chúige Sondrio. Is é 'Valtellina' ainm an phríomhghleanna sa chúige.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar an méid seo a leanas

☑ clú

☐ cáilíocht áirithe

☐ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tá limistéar táirgeachta TGFC 'Bresaola della Valtellina' comhdhéanta de ghrúpa gleannta Alpacha atá suite idir na hAlpa Raetacha agus na Réamh-Alpa Orobie, áit a mbíonn teochtaí réasúnta íseal fiú sa samhradh, bogthaise íseal, leoithní mar thoradh ar na héagsúlachtaí teochta mar gheall ar Loch Como agus aer tirim. Le meascán sainiúil na dtosca aeráide agus comhshaoil sin, cruthaítear na dálaí is fearr chun an táirge a aosú go mall agus de réir a chéile. I dteannta chineál sonrach na haeráide, tá cumas tionsclaíoch agus scileanna teicniúla ag an bpobal áitiúil. Cuireadh barr feabhais ar na scileanna teicniúla agus iad á gcur ar aghaidh go traidisiúnta ó oibrí go hoibrí thar na glúnta, is iad na scileanna sin an toisc fhíor-riachtanach i dtáirgeadh an TGFC 'Bresaola della Valtellina'.

Sainiúlacht an táirge

Nuair a scaoiltear é lena thomhailt, bíonn na saintréithe beachta ceimiceacha agus ceimiceacha/fisiceacha seo a leanas ag an TGFC 'Bresaola della Valtellina': próitéin: Bresaola slisnithe, i bhfolúsphacáistí nó i bpacáistíocht atmaisféir mhodhnaithe: íosmhéid 33 %; gach cineál pacáistíochta eile: íosmhéid 30 %. Taise (staid nádúrtha): *punta d'anca* Bresaola scaoilte: uasmhéid 63 %; *punta d'anca* Bresaola folúsphacáistithe: uasmhéid 62 %; *magatello* Bresaola folúsphacáilte: uasmhéid 60 %; Bresaola slisnithe, i bhfolúsphacáistí nó i bpacáistíocht atmaisféir mhodhnaithe: uasmhéid 60 %; gach cineál eile gearrtha agus/nó pacáistithe: uasmhéid 65 %. Saill: uasmhéid 7 %. Luaith: íosmhéid 4 %. Clóiríd sóidiam: uasmhéid 5 %.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach, clú nó saintréith eile an táirge (i gcás TGFC)

Braitheann cáilíochtaí TGFC 'Bresaola della Valtellina' ar na dálaí comhshaoil agus ar thosca nádúrtha agus daonna. Mar gheall ar dhálaí aeráide sainiúla Valtellina, a shíneann ar a fhad idir na hAlpa Raetacha agus na Réamh-Alpa Orobie, is féidir táirge feola coise mairteola a fháil, trí shailleadh éadrom, ar táirge é a bhfuil blas fíneálta agus boige air a fhágann go mbíonn sé blasta go háirithe. Is é an limistéar geografach as ar tháinig TGFC 'Bresaola della Valtellina' is cúis lena ainm agus lena cháil. I bhfad ó shin, ba ghnáthchleachtas é an fheoil uile a chaomhnú trína sailleadh agus trína triomú. Cuireadh teicnící feabhsaithe táirgthe bia, éagsúlú méadaithe agus úsáid modhanna éagsúla caomhnaithe in ionad feoil shaillte thriomaithe a úsáid. Léirítear le scríbhinní chomh luath leis na 1400í go raibh cosa mairteola á sailleadh agus á dtriomú in Valtellina. Is cosúil go dtéann tionscnamh an ainm siar go dtí an téarma 'salaa come brisa' i gcanúint Valtellina. D'eascair 'brisaola' as sin, agus rinneadh 'bresaola' de san Iodáilis ina dhiaidh sin. I bhfoclóir 'Novissimo dizionario della lingua italiana' Palazzi (eagrán 1974), sainmhínítear bresaola mar 'mhairteoil thriomaithe agus shaillte ar saintréith de Valtellina é'. Ar deireadh, is toisc fhíor-riachtanach i monarú an táirge sin iad an tionsclaíocht agus na scileanna teicniúla a ndéantar barr feabhais a chur orthu agus a chuirtear ar aghaidh ó oibrí go hoibrí, agus tá a saintréithe sonracha fós nasctha le tosca comhshaoil agus daonna araon.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3339